# Seirbhís Urnaí do Lá na Seantuismitheoirí

### Réamhrá
Cuirimid fáilte mhór roimh na seantuismitheoirí anseo inniu.

Gabhaimid buíochas as na seantuismitheoirí a bhí ann le blianta fada: chuireadar ar an eolas faoi Dhia muid, thaispeánadar dúinn conas urnaí a dhéanamh, ghráigh siad go mór muid. Gabhaimid buíochas inniu asaibhse, ár gcuid seantuismitheoirí.

### Iomann
'This is the Day' (*I nGrá Dé – Rang 3/Bunscoil 5, Lámhleabhar an Oide*) nó 'Christ be our Light' (*I nGrá Dé – Rang 4/Bunscoil 6, Lámhleabhar an Oide*)

Éistimid anois le Briathar Dé ón mBíobla, agus an sliocht as an litir chuig na hEifisigh á léamh.

### An Léacht
Sliocht as an litir chuig na hEifisigh (2:19-22).

Dá réir sin ní eachtrannaigh ná coimhthígh sibh a thuilleadh ach comhshaoránaigh leis na naoimh agus baill de líon tí Dé. Is foirgneamh sibh a bhfuil na haspail agus na fáithe ina mbunsraith faoi agus Críost Íosa féin ina chloch chinn cúinne aige. Is ann a nasctar an foirgneamh ar fad le chéile agus éiríonn sé in airde ina theampall naofa sa Tiarna.

Sin é Briathar Dé.

**Cách:** Buíochas le Dia.

### Iomann
'Is é an Tiarna m'Aoire (*I nGrá Dé: Rang 1/P 3 Lámhleabhar an Oide*, lth. 159) nó 'Inniu an Lá (*I nGrá Dé: Rang 3/P 5 Lámhleabhar an Oide*, lth. 254).

### Guí an Phobail
**Freagra:** Beannaigh agus cumhdaigh iad, a Dhia.

Gabhaimid buíochas as na seantuismitheoirí. **F/**

Guímid ar son na muintire atá faoi bhuairt nó faoi bhrón inniu. **F/**

Guímid ar son na ndaoine a chabhraíonn linn saol fiúntach a chaitheamh, mar a mhúin Íosa dúinn. **F/**

Guímid ar son na n-easlán, agus ar son na ndaoine nach bhfuil ar fónamh faoi láthair. **F/**

Guímid ar son na muintire muirní atá ar shlí na fírinne, agus iad ar dheaslámh Dé. **F/**

Guímis go ciúin go fóill ar son na ndaoine atá uireasach inár bpaidreacha. **F/**

Cuirimid ár gcuid paidreacha os comhair Dé agus guímid lena chéile mar aon teaghlach amháin: *Ár nAthair ...*

### Paidir Dheiridh

Guímis:
A Dhia, a Athair Grámhar,
Gabhaimid buíochas as an slua a chruinnigh lena chéile anseo. Deonaigh go dtuigfimid go dáiríre, méid an ghrá atá ag Dia dúinn. Iarraimid air, an chabhair a bhronnadh orainn maireachtáil go beo beathach grámhar, agus lorg Íosa á leanúint againn. Déanaimid ár nguí trí Chríost ár dTiarna.

**Cách:** Amen.

### Iomann Deiridh

Roghnaigh iomann ón liosta seo thíos:
'This Little Light of Mine' (*I nGrá Dé: Rang 1/P 3*, lth. 290);
'Spirit-Filled Day' (*I nGrá Dé: Rang 6, Lámhleabhar an Oide*, lth. 442);
'Christ Be our Light' (*I nGrá Dé: Rang 6, Lámhleabhar an Oide*, lth. 393);
'A Mhuire Mháthair' (*I nGrá Dé: Rang 5/P 7 Lámhleabhar an Oide*, lth. 445)

